



Pacáiste Eolais do  
Thuismitheoirí  
Information Pack  
for Parents



# Céad Míle Fáilte!

Cuirim fáilte is fiche roimh do chlann go Gaelscoil na Mí. Is am an-speisialta é seo daoibh agus dúinn féin. Tá súil againn go mbeidh blianta sultmhara tairbheacha ag bhur bpáistí linn. Tá an leabhrán seo curtha le chéile chun eolas a thabhairt duit ar an scoil agus chun cuidiú le do pháiste socrú isteach ar scoil.

Má tá aon cheist agat, ná bíodh moill ort í a chur orainn. Tá mé ag bís dul ar an aistear seo leat féin agus le do pháiste. Go n-éirí libh i nGaelscoil na Mí.

*I am delighted to welcome your family to Gaelscoil na Mí. This is a very special and exciting time for both you and for us. We hope that your child will have many enjoyable years while they are with us. This information pack has been put together to give you information about our school and to help your child to settle in.*

*If you have any further questions please do not hesitate to ask. I am delighted to be part of this journey with both you and your child. I wish you all the best.*

Le dea-mhéin,  
Clár Ní Mhaoláin  
Príomhoide





## » Clár / Index

01

### Tús an turais / Starting your journey (Page 4)

An Chéad Lá, Lá Oscailte, Eolas roimh thosú

Preparing for 1st day, Open Day, Info. before beginning

02

### Eolas tábhachtach / Important Info. (Page 5)

Cumarsáid, Éiteas, Amchlár, Cosaint Leanai, Timpistí, Breithlá, Curaclam, Riachtanais Speisialta, Ainmneacha, Laethanta Saoire, Leabhair, Ceardlanna, Cruinnithe, Asláithreacht, Cód Iompair, Lón, Tumoideachas,

Communication, Ethos, Timetable, Child Protection, Accidents, Birthdays, Curriculum, Special Needs, Names, Holidays, Books, Workshops, Meetings, Absence, Code of Behaviour, Lunch, Immersion Education

03

### Éide Scoile / School Uniform (Page 11)

Eolas faoi na hÉadaí & Soláthróirí. Conas tacú leis an scoil.

Info on the Uniform & Suppliers. How to support the school.

04

### Struchtúr Scoile / School Structure (Page 12)

Pátrún Scoile, Bord Scoile agus Cumann na dTuismitheoirí

School patron, School Board and Parents Association

# 1. TÚS AN TURAIS / STARTING YOUR JOURNEY

## AG ULLMHÚ DON CHÉAD LÁ / PREPARING FOR THE FIRST DAY

Naíonáin Bheaga Nua – bíodh do chiarsúr réidh agat! Is féidir leis an gcéad lá ar scoil bheith dúshlánach don pháiste... agus don tuismitheoir!

Má tá sé ar chumas páistí a bheith neamhspléach ar scoil, seans go gcothófar féinmhuinín iontu agus gur fearr a bheidh siad in ann do shaol na scoile. B'fhéidir go gcabhróidh na pointí seo a leanas le do pháiste teacht isteach ar ghnás na scoile níos tapúla:

1. Bí cinnte gur féidir leo cóta agus mála s'acu a aithint agus a oscailt agus a dhúnadh gan stró
2. Bí cinnte go bhfuil do pháiste compórdach sna héadaí scoile i dtaobh dul go dtí an leithreas, sé sin, nach mbeidh cúnamh an mhúinteora uaidh/uaiti
3. Cuir ainm do pháiste go soléir ar ábhar scoile (cótaí, hataí, scairf, stáiseanóireacht &rl.)
4. Nuair a bhíonn lón do pháiste á réiteach agat, smaoinigh an mbeidh an páiste in ann an bosca lóin nó buidéal dí a oscailt agus a dhúnadh go héasca. Tabharfaidh na páistí aon bhrúscar lóin abhaile leo sa bhosca lóin.
5. Cabhróidh sé le do pháiste socrú síos má fhágann tú an rang chomh tapaidh agus is féidir.

*New Junior Infants – have your tissue at the ready! A child's first day at school can be challenging for the child... and the parents!*

*Their ability to be independent at school can help them gain self-confidence and cope better with life at school. The following points may help your child adapt to the school routine more easily:*

1. *Ensure that your child can recognise and put on their coat and school bag*
2. *Ensure that your child is comfortable going to the toilet in his/her school uniform, i.e. that they will not need assistance from a teacher.*
3. *Clearly label all clothes, bags, scarves, stationery etc. that the child uses in school*
4. *When preparing your child's lunch, please consider if the child will be able to open and close food and drink containers easily. The children will bring their own lunch rubbish home with them in the lunchbox. We have a healthy lunch policy in the school and there is a list of foods that are not recommended in the school, later on in this booklet.*
5. *It will help your child to settle if you leave the classroom as quickly as possible.*

## TRÁTHNÓNA OSCAILTE / OPEN AFTERNOON

Eagraímid tráthnóna oscailte do na Naíonáin sa téarma scoile deireanach sula dtosaíonn siad go foirmeálta linn. Tugann sé seo deis dóibh teacht isteach sa seomra ranga chun é a fheiceáil, súgradh le roinnt bréagáin, agus bualadh le cairde nua agus le roinnt de na muinteoirí.

*An informal open afternoon is arranged for Junior Infants in the final school term before their commencement in September. This allows them the opportunity to view their classroom and meet some of their new teachers and new friends.*

## INFO BEFORE STARTING SCHOOL / EOLAS ROIMH THOSÚ AR SCOIL

Tabharfaidh an scoil eolas chun dáta duit ar ábhair ar nós busanna, obair bhaile, árachas, Aladdin (aip scoile) agus eile ag an am chuí. Tá fáilte romhat teagmháil a dhéanamh linn má tá ceist agat.

*The school will provide you with separate updated information in relation to things such as buses, homework, insurance, Aladdin (school app) and others at the relevant time. You are welcome to contact us if you have a question.*

## 2. EOLAS TÁBHACHTACH / IMPORTANT INFO.

### CUMARSÁID / COMMUNICATION

Coinnigh ar an eolas faoina bhfuil ar siúl sa scoil tríd an Nuachtlitir a léamh, an scoil a leanúint ar na meáin shóisialta, súil a chaitheamh ar an suíomh idirlín agus teacht go himeachtaí scoile.

Gheobhaidh tú tuilleadh eolais inár bPolasaí Cumarsáide atá ar fáil ar an suíomh idirlín. Cuir tú féin ar an eolas faoi conas a thugann an scoil faoi rudaí go leor trí na polasaithe a léamh ar an suíomh idirlín.

**Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil tú freagrach as gach rud a scríobhann tú ar do mheáin shóisialta féin. Mura mbeifeá toilteanach rud éigin a fhoilsiú i nuachtán, ná foilsigh ar Whatsapp/Facebook/eile é! Imríonn tráchtanna diúltacha faoin scoil tionchar diúltach ar phobal na scoile. Iarraimid ort, le do thoil, teacht chugainn aon uair le haon cheist nó buairt atá agat. Bimís ar fad ag tabhairt dea-shampla do na daltaí.**

*Keep up to date with what's happening in school by reading our Newsletter, following the school on social media, keeping an eye on the website and attending school events. You will get further information in our Communications Policy on our website. We encourage you to read school policies on the website, they detail how exactly we go about many things in school life.*

***Please note that you are responsible for everything you publish on your own social media. If you wouldn't be happy to publish something in a newspaper, don't post it on Whatsapp / Facebook / other! Negative comments about the school have a negative effect on the morale of the whole school community. Please come to us anytime with any question or worry you have. Let's all give a good example to the students.***

### ÉITEAS NA SCOILE / SCHOOL ETHOS

Is scoil ilchreidmheach í Gaelscoil na Mí agus cuirtear fáilte roimh páistí d'aon chreideamh. Foghlamaíonn na daltaí le chéile faoi chúlraí a chéile & déantar éagsúlacht a cheiliúradh. Tá eolas breise ar fáil ar shuíomh idirlín na scoile agus ón bhfoireann.

*The school has a multi-denominational ethos and we welcome children of all faiths and none. Students learn together about each others backgrounds & diversity is celebrated. More info. is available on the school website and from our school staff.*

## **AMCHLÁR & BAILIÚCHÁN / TIMETABLE & COLLECTION**

Foilsítear an t-amchlár scoile ar an suíomh idirlín. Ná dean dearmad go mbeidh na daltaí ag críochnú níos luaithe don chéad choicís i Naíonáin Bheaga!

Bailítear naíonáin ón doras cúl. Scaoilfidh an múinteoir an páiste nuair a fheiceann siad an tuismitheoir/caomhnóir. Má tá duine eile chun an páiste a bhailiú ní mór an múinteoir/rúnaí a chur ar an eolas – ní ligfidh don pháiste imeacht le duine nua gan scéal faighte againn.

*Our timetable is published on the school website. Don't forget that Junior infants will finish earlier for the first fortnight!*

*Infants are collected from the back door. The teacher will send out the student when they see the parent/guardian. If a different person will be collecting the child, please let the teacher/secretary know – we won't let a child go with a new person without being informed.*

## **COSAINT LEANAÍ / CHILD PROTECTION**

Is í Clár Ní Mhaoláin an Teagmhalaí Ainmnithe sa scoil agus is í Fionnuala Nic Cába an Leastheagmhalaí Ainmnithe sa scoil. Comhlánaíonn Clár, Fionnuala agus na baill foirne go léir eile á gcuid dualgaisí Caomhnú Páistí de réir An t-Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. Tá eolas cuimsitheach faoin ábhar seo sa pholasaí scoile ar an suíomh idirlín.

*Clár Ní Mhaoláin is the Designated Liason person in the school and Fionnuala Nic Cába is the deputy Designated Liason person in the school. Clár, Fionnuala and all the rest of the school staff fulfill their child protection duties as per Children First Act, 2015. Comprehensive info. is available in the school policy which is accessible on the school website.*

## **TIMPISTÍ / ACCIDENTS**

Má tharlaíonn timpiste ar scoil, déanfaimid iarracht tú a chur ar an eolas. Tuigimid nach mbíonn daoine i gcónaí ar fáil ar chúiseanna difriúla. Tabharfaimid aire mhaith do do pháiste má bhíonn timpiste ann.

*If an accident happens in school, we will try to contact you. We understand people cannot always be available for various reasons. We will take good care of your child if there's an accident.*

## **BREITHLÁ NÓ CÓSIR / BIRTHDAYS OR PARTIES**

Go minic, ní bhíonn spás ag cóisir do gach duine sa rang. Má bhíonn cóisir breithlae (nó eile) á eagrú agat, le do thoil tabhair amach na cuirí tar éis scoile agus taobh amuigh de gheata na scoile.

*Not all parties will have space for everyone in the class to attend. If you are organising a birthday (or other) party, please be so kind as to give out any invitations after school outside the school gate.*

## **CURACLAM NA SCOILE / THE SCHOOL CURRICULUM**

Is é an bhunaidhm na scoile, oideachas lán-Ghaeilge agus ilchreidmheach a sholáthar do na daltaí i dtimpeallacht shona, shábháilte, eagraithe. Tá tuilleadh eolais faoin gcuraclam ar fáil ag: [NCCA.ie](http://NCCA.ie)

*The primary aim of the school is to provide an Irish-medium, multi-denominational education to the pupils in a happy, secure and organised environment. Further information on the curriculum is available at: [NCCA.ie](http://NCCA.ie)*

## **RIACHTANAI SPEISIALTA / SPECIAL NEEDS**

Iaraimid oraibh eolas a chur ar aghaidh chugainn má tá riachtanais speisialta nó fadhb leighis ag do pháiste, m.sh. fadhb éisteachta, radhairc, asma, diabaetas, titeamas, ailéirge srl. sa dóigh agus go bhfuil muid ábalta an t-oideachas agus an cúram is fearr a chur ar fáil dóibh.

*We ask you to inform us if your child has any special needs or medical conditions, e.g. hearing, sight, asthma, diabetes, epilepsy, allergies, etc. so that we can provide the best education and care for them.*

## **AINMNEACHA / NAMES**

Tá rogha ag tuismitheoirí an leagan Gaeilge d'ainm an pháiste a bheith in úsáid ar scoil. Úsáidfear an leagan Gaeilge de shloinne an pháiste (má tá leagan Gaeilge aige).

*It is the parent's choice whether they wish to have their child called by the Irish version of their first name in school. The Irish version of their surname (if there is an Irish version) will be used.*

## **LAETHANTA SAOIRE / HOLIDAYS**

Socrófar laethanta saoire bliana ag tús na scoilbhliana agus seolfar na dátaí chuig na tuismitheoirí ag an am sin. Tugtar suas chun dáta iad gach téarma chomh maith de réir riachtanais. Beidh siad ar fáil ar an suíomh idirlín i rith na bliana.

*The school holidays will be decided at the start of the school year and parents will be sent a copy of the calendar at that point. It will be updated every term as necessary and will also be available on the school website.*

## **LEABHAIR SCOILE / SCHOOL BOOKS**

Cuirfidh an scoil eolas ar fáil gach bliain maidir le leabhair scoile, stáiseanóireacht scoile agus riachtanais/costais eile.

*We will provide information each year in relation to school books, school stationery and other needs/costs.*

## **CEARDLANNA / WORKSHOPS**

*I rith na bliana cuirtear réimhse leathan ceardlanna ar fáil do na páistí m.sh. Íoga, scipeáil, bodhrán, drumadóireacht, ceol, spóirt agus ealaín. Is féidir go lorgóimid airgead I dtreo cuid de na ranganna breise seo.*

*Throughout the year, a variety of extra-curricular workshops are offered to the children e.g. Yoga, skipping, bodhrán, drumming, music, sport and art. We may ask in some cases for a contribution to these extra classes.*

## **CRUINNITHE MÚINTEOIRÍ-TUISMITHEOIRÍ / PARENT-TEACHER MEETINGS**

Cuirtear iad seo ar bhun gach bliain thart i mí na Samhna. Tugann said deis do mhúinteoirí agus do Thuismitheoirí athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairt, oideachas agus scileanna sóisialta an pháiste ar leith. Taobh amuigh de na cruinnithe seo, bíonn fáilte i gcónaí roimh thuismitheoirí coinne a dhéanamh le múinteoir ranga chun buairt a phlé.

Cuirtear tuairisc scríofa abhaile faoi gach páiste i Mí an Mheithimh.

*These are organised once a year in November to give parents and teachers the opportunity to review each child's development, education, social skills etc. Outside of these meetings, parents are always welcome to make an appointment to discuss any concerns about their child with the class teacher who will consult with the Special Education team or In-school management team depending on the concerns raised.*

*A written report is sent home for each child in June.*

## **ASLÁITHREACTH / ABSENCE**

Tá dualgas anois ar phríomhoidí scoile an tOifigeach Leas Oideachais a chur ar an eolas i gcás aon pháiste a bhíonn as láthair ar feadh 20 lá in aon bhliain scoile (páistí a thagann tar éis am rolla ag 10rn). **Bí cinnte aon asláithreacht a chur in iúl dúinn trí rphost/nóta/Aladdin.** Ar mhaithe le leanúnachas na hoibre a chinntiú, molann an scoil gan páiste a thógáil amach i rith na bliana chun dul ar laethanta saoire.

Iarrtar oraibh na páistí a thabhairt ar scoil **in am**. Cabhraíonn sé leo socrú síos agus má bhíonn said déanach cailleann siad amach ar cad atá ar siúl sa rang.

*Principals are now required by law to inform the Education Welfare Offices of children who are absent 20 days or more (including children arriving after roll call at 10am). **ALL absences must be communicated to the school in writing either via email, note or the Aladdin app.** To ensure continuity, the school advises against taking children out of school for holidays during term times.*

*We ask that you bring the children to school **on time**. It helps them settle down and when they are late they miss out on what has been going on in class.*



## CÓD IOMPAIR NA SCOILE / THE SCHOOL'S CODE OF BEHAVIOUR

Is bunscoil lán-Ghaeilge Gaelscoil na Mí agus mar sin tá labhairt na Gaeilge an-tábhachtach i gcónaí. I Naíonáin Shóisireacha, mealltar na páistí chun an méid Gaeilge atá ar eolas acu a úsáid aon seans atá acu. Tuigimid nach bhfuil dóthain foclóra acu go léir bheith líofa go hiomlán i Naíonáin Shóisir. Beimid ag súil leo bheith ag cumarsáid trí Ghaeilge go hiomlán i Naíonáin Shóisir ó Oíche Shamhna ar aghaidh. Moltar na daltaí i gcónaí as an nGaeilge a úsáid. Is é bunús an Chóid Iompair ná:

- Féinmheas agus meas ar chomhdhaltaí
- Meas ar dhaoine fásta
- Meas ar an nGaeilge
- Meas ar mhaoin agus ar shealúchas

*Gaelscoil na Mí is an all-Irish primary school, therefore the use of Irish is always of paramount importance. We encourage the children to use any/all of the Irish they know in Junior Infants at every opportunity. We understand that in Junior Infants most of them will not have sufficient vocabulary to be completely fluent. In Senior Infants we will expect the children to communicate almost entirely through Gaeilge from the Halloween break onwards. Students are consistently praised on their use of Irish. The Code of Behaviour is based on:*

- *Respect for self and other pupils*
- *Respect for adults*
- *Respect for the Irish language*
- *Respect for property and possessions*

## POLASÁÍ LÓN FOLLÁIN / HEALTHY LUNCH POLICY

Tá polasaí lón folláin i bhfeidhm sa scoil. Is é an phríomhchúis leis an bpolasaí seo ná cinntiú go mbeidh an bia atá á ithe ag na páistí ag tabhairt dóthain fuinnimh dóibh chun díriú ar a gcuid oibre scoile. Is gnách do thuismitheoirí lón atá ró-mhór a thabhairt do na páistí. Níl ach 10 nóiméad acu chun an lón a ithe agus moltar duit lón ciallmhar shláintiúil a thabhairt dóibh.

- Don lón beag, bíonn **torthaí nó glasraí amháin** ag na páistí.
- Don lón mór, moltar **ceapairí, craicéir, wraps** srl.

*We promote a healthy eating policy in the school. The primary objective is to ensure that the children's lunches provide the nourishment they need to concentrate on their school work.*

*Please be advised that 10 minutes only is given for children to eat their lunch and it would be best if each child has a sensible, healthy lunch.*

- *For first break, the children **only have fruit or vegetables**.*
- *For lunch, sandwiches, crackers, wraps etc.*

*The school also facilitates 'The Lunch Bag' service. This is an Irish company that produces fresh lunches every morning and delivers them to the school. Parents download the lunchbag app and can order lunches for their child before 12pm the day previous. The lunches are delivered to school and Rang 6 delivers the lunches to the classrooms.*

*A copy of The Lunch Bag Brochure is included at the end of this booklet.*

## TUMOIDEACHAS / IMMERSION EDUCATION

Is scoil lán-Ghaeilge í Gaelscoil na Mí. Is í an Ghaeilge an teanga cumarsáide tríd an scoil agus an teanga teagaisc i ngach ábhar seachas Béarla. Úsáidtear an Ghaeilge mar theanga caidrimh idir baill foirne agus na daltaí, agus idir na daltaí iad féin chomh luath agus is féidir. Tumoideachas iomlán atá ar siúl sa scoil. Mar sin tosaítear ar an mBéarla i Rang a hAon. Ní hionann easpa Béarla go dtí Rang 1 agus easpa scileanna, mar go múintear na scileanna réamhléitheoireachta agus fóneolaíochta sa Ghaeilge ó thús. Aistríonn na scileanna ó theanga go teanga go héasca, agus nuair a thosaíonn na páistí ag déanamh Béarla mar ábhar, tá siad ullamh tabhairt faoin léitheoireacht.

Tá sé mar aidhm againn atmaisféar Gaelach a chruthú sa chaoi go mbeidh na páistí in ann an teanga a shealbhú agus an caighdeán a bhaint amach chun gach gné den churaclam a dhéanamh trí Ghaeilge. Iarrfaimid ort an méid Gaeilge atá agat a úsáid agus tú ag labhairt linn. Tugann sé seo teachtaireacht dearfach i dtaobh na teanga do na páistí. Tá sé i gceist againn atmaisféar cairdiúil a chruthú sa chaoi go léireofar meas ar aon iarracht a dhéantar agus nach mbeadh faitíos ar aon duine an Ghaeilge atá acu a úsáid.

Ciallaíonn an tumoideachais córas ina múintear gach ábhar trí theanga shonraithe amháin, Gaeilge inár gcás.

Is dúshlán mór é do roinnt pháistí agus do Thuistí tabhairt faoin nGaelscolaíocht agus tá sé riachtanach don Phobal Scoile uile go bhfuil tacaíocht iomlán na dtuismitheoirí againn i gcónaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn.

*Immersion education (tumoideachas) means that pupils learn all subjects through the medium of a designated language. In Gaelscoil na Mí we use the Total Immersion process of teaching in the school and formal English teaching begins in Rang 1. The absence of English to Rang 1 does not mean the absence of skills development however, as pre-reading skills and phonics in Irish are done from the time the child starts school. The skills transfer easily from one language to the next, and when the child begins English as a subject, he/she is ready to learn to read in English.*

*It is our aim to create an Irish language atmosphere in the school, so that the children will not merely acquire the language, but achieve a standard which will enable them to study every subject through the medium of Irish.*

*Therefore Irish is the language of communication throughout the school, and the language through which all subjects, apart from English, are taught. Irish is spoken at all times between staff and children and between the children themselves as soon as they are able to.*

*We encourage you to use the Irish that you know when you meet with us, thereby giving a positive attitude towards the language to the children. We hope to create a very friendly atmosphere in the school, so that any attempt made will be respected and welcomed. Please do not be afraid to use any Irish that you have. Starting education in a Gaelscoil is an exciting time for many children and parents and it is vital for the school community that the school has the full support of all the parents in promoting the Irish language.*

### 3. ÉIDE SCOILE / SCHOOL UNIFORM

#### Buachaillí (Boys)

<b>Éide Scoile</b> <i>Uniform</i>	Bríste liath Léine bán Geansaí corcra le círin na scoile Carbhat Glás Bróga dubha	<i>Grey trousers</i> <i>White shirt</i> <i>Purple jumper with school crest</i> <i>Green tie</i> <i>Black Shoes <u>ONLY</u></i>
<b>Éide Spóirt</b> <i>Sport/P.E.</i>	Bríste Spóirt dubhghorm Geansaí spóirt corcra le círin na scoile Léine polo bán	<i>Navy tracksuit bottoms</i> <i>Purple tracksuit zip top with school crest</i> <i>White polo shirt</i>

#### Cailíní (Girls)

<b>Éide Scoile</b> <i>Uniform</i>	Pilirín corcra & glas (NB-R4) Sciorta corcra & glas (R5 & R6) Léine bán Geansaí/cardigan corcra le círin na scoile Carbhat Glás Stocaí/riteoga glas nó bán Bróga dubha	<i>Green &amp; Purple Pinafore up to 4<sup>th</sup></i> <i>Green &amp; Purple Skirt 5<sup>th</sup> &amp; 6<sup>th</sup></i> <i>White shirt</i> <i>Purple jumper/cardigan with school crest</i> <i>Green tie</i> <i>White or green socks /tights</i> <i>Black Shoes <u>ONLY</u></i>
<b>Éide Spóirt</b> <i>Sport/P.E.</i>	Bríste Spóirt dubhghorm Geansaí spóirt corcra le círin na scoile Léine polo bán	<i>Navy tracksuit bottoms</i> <i>Purple tracksuit zip top with school crest</i> <i>White polo shirt</i>

#### **Uniform Availability:**

*Pinafores, Ties, Cardigans/Jumpers with the school crest and Tracksuit tops or full tracksuits are available from:*

*Pat O'Farrell Schoolwear, N1 Business park, Unit 2, Swords Rd, Swords, Co. Dublin*  
*Phone No: 01 8139714,*  
*www.ofarrellschoolwear.com*

*Grey Trousers, White Shirts, White Polo Shirts, Navy Tracksuit bottoms, Green tights are available in most large clothing stores e.g Dunnes Stores, Marks & Spencers etc.*

*Please make every effort to ensure your child is dressed in the full school uniform every day.*  
*The children wear their school tracksuit on the day they have P.E. only or if otherwise instructed.*

## **CONAS GUR FÉIDIR LE TUISMITHEOIR CABHRÚ LEIS AN SCOIL** **HOW YOU AS PARENTS CAN HELP THE SCHOOL**

- Labhair Gaeilge le do pháiste agus úsáid aon Ghaeilge atá agat timpeall na scoile. Bain luach as TG4/CÚLA4, an leabharlann agus cluichí boird as Gaeilge
  - Ainm do pháiste a scríobh as Gaeilge ar na leabhair scoile
  - Comhoibriú leis an múinteoir trí am a chaitheamh le do pháiste ag déanamh obair bhaile
  - Taispeáin meas ar fhoireann na scoile
  - Ba mhór linn tú agus do theaghlach a fheiceáil ag ócáidí scoile mar shampla imeachtaí do Sheachtain na Gaeilge agus imeachtaí maoiniú airgid
  - Bí in am don scoil agus na turais scoile
  - Cuir in iúl don scoil aon athrú a thagann ar do shonraí pearsanta
  - Aon scil atá agat a chur ar fáil ar leasa na scoile
- 
- *Speak Irish to your child and use any Irish you have around the school. Make use of TG4/CÚLA4, the library and board games as Gaeilge*
  - *Write your child's name as Gaeilge on all school books*
  - *Co-operate with the teachers by spending time with your child doing homework*
  - *Please show respect to all members of staff*
  - *We would ask you to attend school events- e.g. PA Meetings, events for Seachtain na Gaeilge, social events, fundraisers*
  - *Be on time for school and outings*
  - *Inform the school of any change in relevant personal details*
  - *We would warmly welcome parents offering their skills for the good of the school*

## **4. STRUCHTÚR NA SCOILE / SCHOOL STRUCTURE**

### **PÁTRÚN NA SCOILE / SCHOOL PATRON**

Is é An Foras Pátrúnachta patrún na scoile seo. Tá siad ar an bpátrún is mó ar ghaelscoileanna agus tá scoileanna acu i 23 chontae. Tá sé mar sprioc acu oideachas lán-Ghaeilge a chur ar fáil do gach tuismitheoir a bhfuil an rogha sin uathu dá bpáiste.

*The patron of our school is An Foras Pátrúnachta. An Foras Pátrúnachta is the large patron of gael scoileanna with schools in 23 counties. They aim to provide Irish-medium education to every parent who wants that choice for their child.*

### **AN BORD BAINISTÍOCHTA / THE BOARD OF MANAGEMENT**

Is é an Bord Bainistíochta atá freagrach as bainistiú díreach na scoile.

- 2 Ionadaí ainmnithe ag an bPátrún
- An Príomhoide & Múinteoir amháin eile

- Beirt Thuismitheoir (athair amháin agus máthair amháin) a bhfuil páiste acu sa scoil, roghnaithe ag tuistí na scoile
- Beirt ionadaithe de chuid an phobail

Tá an Bord Bainistíochta freagrach as an scoil agus is í an príomhoide atá i gceannas ar reáchtáil laethúil na scoile. Maireann an Bord ar feadh ceithre bliana. Déantar gnó an Bhoird trí Ghaeilge.

*The Board of Management is responsible for the direct management of the school. The Board is made up as follows:*

- *2 nominees from the Patron*
- *The Principal & one Teacher*
- *Two parents of children enrolled in the school (one father and one mother) chosen by the parents of the school*
- *Two persons from the community*

*The Board of Management is responsible for the running of the school and the Principal is responsible for the day-to-day management. The Board operates for a four year period. The Board of Management also operates through Irish.*

## **CUMANN NA dTUISMITHEOIRÍ / PARENT'S ASSOCIATION**

Tá gach tuismitheoir/caomhnóir ina b(h)all de Chomhairle na dTuismitheoirí. Bíonn Cruinniú Cinnbhliana ag an gComhairle i bhFómhar na bliana agus toghtar Coiste ann. Is leas páistí na scoile atá mar chroílár an Choiste. Comhoibríonn Coiste na dTuismitheoirí le Foireann na scoile agus leis an mBord Bainistíochta chun Pobal Scoile leathan a chothú.

Tá ceithre aidhm thábhachtach ag Coiste na dTuismitheoirí.

1. Páirtíocht agus comhoibriú a chothú idir Thuismitheoirí, Mhúinteoirí agus an Bord Bainistíochta ar mhaithe le hoideachas agus forbairt leanúnach na bpáistí.
2. Tuairimí na dTuismitheoirí a chur in iúil taobh istigh den scoil agus do ghrúpaí taobh amuigh, m.sh. Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí nó Gaelscoileanna.
3. Tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir le forbairtí sa scoil agus maidir le hathraithe oideachasúla a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar na páistí.
4. Tacú leis an scoil, imeachtaí a eagrú a thacaíonn leis an scoil go sóisialta agus ó thaobh airgid de.

Is bealach an mhaith é seo chun a bheith páirteach i saol na scoile agus chun aithne a chur ar thuismitheoirí eile. Ní bheadh an scoil in ann leanúint ar aghaidh mar atá gan an tacaíocht airgeadais agus cabhair ón ngrúpa seo agus táimid fíor bhuíoch as a gcuid comhoibriú ar fad .

*Each parent/guardian is a member of Coiste na dTuismitheoirí. In the Autumn, the Coiste holds it's A.G.M. where the Coiste is elected. The good of the children is central to all the Coiste's activities. Coiste na dTuismitheoirí works in harmony with the school staff and the Board of Management to cultivate the wider school community.*

Coiste na dTuismitheoirí have four main aims.

1. To foster partnership and cooperation between Parents, Teachers and the Board of Management to ensure the continued education and development of the child at school.
2. To represent the views of parents within the school and of outside bodies, e.g. National Parents Council or Gaelscoileanna.
3. To inform parents of developments in the school and on educational changes which may affect the children.
4. To support the school, organising events that support the school in social and financial ways.

This is a great way for new parents in the school to get involved and to get to know other parents in the school. Our school would not be able to carry on without the assistance and financial support of this group of people who give most generously of their time and resources and for their continued support and loyalty, we thank them.

The Lunch Bag Brochure – see [thelunchbag.ie](http://thelunchbag.ie)

## THE LUNCH BAG

‘Empowered, Educated Eating’





Guaranteed Irish  
All together better



NATIONAL QMARK  
FINALISTS 2019  
Top 1% of Audits nationally

**School lunch is an important part of your child's day. Repetitive lunches can lead to uneaten food and unfocused children.**

**A** For the same cost as a homemade lunch, your child has the choice of a different, fresh lunch every day of the week.

**B** Swap stressful mornings for sitting with your child to make good nutrition choices, at a time that suits you both.

**C** Allow your child to taste new foods without additional cost or food waste.

**1** Download our app ‘The Lunch Bag’

**2** Order lunch before 12noon

**3** Suppliers deliver fresh produce to us everyday

**4** Lunch is made with love in STERILE Q marked kitchens

**5** Lunch is delivered directly to the classroom

**6** Children compost & recycle responsibly

To pay simply add your card. Remember! Your money is always yours. You can discontinue service at any time.

## LITTLE LUNCHES

Just enough so you're not stuffed!

### Half Sandwich / Wrap / Roll

**+ 2 extra items of your choice!**

Find it on the ‘Infant Grab Bag’ section of the app.

**Only €1.50**

Snacks

**Half Sandwich**

Ham  
Cheese  
Chicken  
Ham & Cheese

**Half Wrap**

Chicken  
Chicken Tikka  
Ham & Cheese  
Chicken Stuffing

**Half Roll**

Chicken  
Chicken Tikka  
Ham & Cheese  
Chicken Stuffing

Veg

Fresh Fruit

Cool Pastas

### Allergies

We take kids safety very seriously. Therefore, once we know that your child has an allergy, we will ensure that foodstuff unsuited to them is blocked from their menu. We also adapt the menu to ensure it reflects the school's Healthy Eating & Allergy Policies.



View our regular kids menu which is also available! [www.thelunchbag.ie](http://www.thelunchbag.ie)

[@TheLunchBag\\_](https://twitter.com/TheLunchBag_) [@TheLunchBagIRL](https://www.facebook.com/TheLunchBagIRL) [www.thelunchbag.ie](http://www.thelunchbag.ie)